**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

STAMPA AN IONAID

SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA

**FREAGAIR GACH CEIST: 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6.**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**

**[Thall**

## 1. PICTIÚIR
(15 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A, B1, B2 agus C** – a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar gallán ó thréimhse na gCeilteach i bpictiúr A.*

(i) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na marcanna atá ar an gcloch?

…………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) Cén cuspóir a bhí leis na clocha seo in aimsir na gCeilteach, dar le seandálaithe?

..……………………………………………………………………………………………..

..……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Seachas galláin, luaigh éacht **amháin** san ealaín nó sa cheardaíocht a bhaineann leis na Ceiltigh in Éirinn anallód.

……………………………………………………………………................................................

…………………………………………………………………………………………...(2)

(*b)* **PICTIÚIR B1 agus B2**

*Imprisean ealaíontóra de theach mainéir sa Mheánaois atá i bpictiúr B1. Taispeánann B2 léarscáil de mhainéar sa Mheánaois.*

(i) Ó phictiúr **B1**, ainmnigh gné chosantach **amháin** a bhain le teach mainéir.

………………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Mínigh an fheidhm atá ag an gcoimín atá marcáilte mar **X,** i bpictiúr **B2.**

..……………………………………………………………………………………………..

..……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Taispeánann pictiúr **B2** córas feirmeoireachta na dTrí Pháirc nó na bPáirceanna Neamhfhálaithe. Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhain leis an gcóras seo.

..……………………………………………………………………………………………..

..……………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann pictiúr C círéib i nDún Garbháin, Co Phort Láirge le linn an Ghorta Mhóir 1845-50.*

(i) Cad atá na daoine atá páirteach sa chíréib ag iarraidh a dhéanamh?

……………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) Seachas an gníomh atá á dhéanamh, cén fhianaise atá i bpictiúr C a thugann le tuiscint go bhfuil an-chruatan á fhulaingt ag na daoine?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Luaigh **dhá** iarmhairt a bhain leis an nGorta Mór sna 1840idí ó thaobh na hÉireann de.

………………..…………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 marc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Dhá chuntas is ea iad seo ar bhuamáil Dresden, cathair Ghearmánach, sa bhliain 1945. Cuntas finné súl a thug cailín scoile Gearmánach darbh ainm Karin Busch is ea **A**. Cuntas a thug an Leas-Aermharascal Briotanach Donald Bennett is ea **B.***

(i) Cén fáth ar chreid Karin Busch nach ndéanfaí Dresden a bhuamáil?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise as Doiciméad **1A** a thugann le tuiscint go raibh buamáil Dresden thar a bheith trom?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (1)

(iii) *'Targaid fíorthábhachtach ba ea Dresden an oíche sin.'*
Cén **dá** chúis a thugann an Leas-Aermharascal Donald Bennett le Dresden a bhuamáil?

……………………………………………………………………………………………....

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Is bunfhoinsí iad an dá chuntas. Tabhair cúis **amháin** a bhfuil bunfhoinsí úsáideach do staraithe?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(v) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do staraithe fianaise a fháil ó níos mó ná foinse amháin?

……………………………………………………………………………………………....

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht a tógadh as 'Chains or Change, Irish Women's Liberation Movement Manifesto', Márta 1971.*

(i) Dar leis an doiciméad, cén gealltanas a rinneadh in Alt 40 de Bhunreacht na hÉireann nár coinníodh?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) *'Tá stádas níos ísle ag mná Éireannacha atá sa bhaile.'*
Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón doiciméad a thacaíonn leis an tuairim seo.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Tabhair **dhá** fhadhb, a luaitear sa doiciméad, a bhíonn ag mná atá ag iarraidh nó ar gá dóibh dul amach ag obair.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar athrú sóisialta in Éirinn le linn an fichiú haois, luaigh **dhá** bhealach ar athraigh saol na mban ó na 1970idí luaithe.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas.  Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad is foinse thánaisteach ann? Tabhair sampla amháin.

Míniú : ………………………………………………………………………………………

Sampla: ..………………………………………………………………………….........(2)

(ii) Uaireanta, déanann seandálaithe cur síos ar na daoine ba luaithe in Éirinn mar *fhiagaithe-cnuasaitheoirí*. Cad is brí leis an téarma sin?

……………………………………………………………………………………….....

…………………………………………………………………………………….....(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál tuama ón tréimhse Neoiliteach in Éirinn.

……………………………………………………………………………………….....(2)

(iv) Ainmnigh **dhá** mhian miotail a baineadh leas astu in Éirinn sa Chré-umhaois?

……………………………………………………………………………………….. (2)

(v) Cén teanga a d'úsáid na manaigh luath-Chríostaí chun lámhscríbhinní mar Leabhar Cheanannais a scríobh?

……………………………………………………………………………………….. (2)

(vi) Ainmnigh **dhá** chéim a bhain le hoiliúint cheardaí sa Mheánaois?

……………………………………………………………………………………….. (2)

(vii) Cén ról a bhí ag cuallacht (nó gild) i mbaile mór sa Mheánaois?

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….. (2)

(viii) Mínigh an fheidhm a bhí ag ceann **amháin** de na foirgnimh seo a leanas i mainistir sa sa Mheánaois:

*Teach caibidle* *Clabhstraí* *Proinnteach*

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….. (2)

(ix) Tabhair **dhá** chúis a raibh go leor daoine den tuairim go raibh gá an Eaglais Chaitliceach a leasú thart ar 1500.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(x) Le linn tréimhse an Reifirméisin agus an Fhrith-Reifirméisin, cad a bhí i gceist leis an gCúistiúnacht?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xi) Ainmnigh **beir**t rialtóirí Briotanacha a d'ordaigh go ndéanfaí plandálacha a chur i bhfeidhm in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………...(2)

(xii) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Réabhlóid Tionsclaíochta sa Bhreatain.

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xiii) Cad a chuir duine **amháin** díobh seo a leanas leis an Réabhlóid Tionsclaíochta:

*James Hargreaves;* *George Stephenson;* *John MacAdam*

………..……………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xiv) Cén fáth nach raibh ach fiche seacht TD i láthair ag an gcruinniú den Chéad Dáil ar an 21 Eanáir 1919?

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xv) Tabhair cúis **amháin** a raibh Éire neodrach le linn na hÉigeandála, 1939-1945.

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xvi) Luaigh tionscnamh náisiúnta **amháin** a chuir an Dr. Noel Browne chun cinn mar Aire Sláinte.

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xvii) Le linn na tréimhse, 1959-1966, luaigh **dhá** chinneadh thábhachtacha a ghlac Rialtas Sheáin . Lemass.

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xviii) Le linn do Mussolini a bheith i gcumhacht san Iodáil, cérbh iad na *squadristi*?

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xix) Ainmnigh Príomh-Aire na Breataine a d'fhreastail ar Chomhdháil München, Meán Fómhair 1938.

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xx) Tabhair fáth **amháin** a raibh deighilt san Eoraip ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Seandálaí ag obair ar thochailt. (20)

(ii) Tiarna **nó** bantiarna caisleáin sa Mheánaois. (20)

(iii) Lonnaitheoir a fuair talamh i bplandáil **a ainmníonn tú** in Éirinn le linn an 16ú nó an 17ú haois. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Ceannaire **a ainmníonn tú** a ghlac páirt i réabhlóid (i Meiriceá, sa Fhrainc nó in Éirinn) le linn na tréimhse, 1770-1815. (20)

(ii) Oibrí feirme le linn na Réabhlóide Talmhaíochta. (20)

(iii) Ceannaire **a ainmníonn tú** a ghlac páirt i gceann amháin de na géarchéimeanna le linn fás sárchumhachtaí (Imshuí Bheirlín; Cogadh na Cóiré; Géarchéim Diúracán Chúba).

**Nó**

Ceannaire **a ainmníonn tú** sa choimhlint don tsaoirse Afracach nó Áiseach tar éis 1945.

**Nó**

Ceannaire **a ainmníonn tú** sa ghluaiseacht d'Aontas na hEorpa idir 1945-1992. (20)

**5. RÉ NA TAISCÉALAÍOCHTA** (30 marc)

**FOINSE D**

*Pribhléidí a bhronn a Mórgachtaí Caitliceacha FERDINANDO agus ISABELLA ar Cholumbus, 30 Aibreán 1492.*

Tá sé ordaithe duitse, *Christopher Columbus*, le cuid dár soithí (longa) agus dár gcuid fear, roinnt Oileán agus Mór-roinn san aigéan a fhionnadh agus a chur faoi chois…..Dá bhrí sin is ceart agus is cóir, ó tharla go bhfuil tú do do chur féin i mbaol mór ar mhaithe le bheith fóinteach dúinne, go mbeadh luach saothair le fáil agat ar a shon.

Is é ár mian go mbeadh tusa *Christopher Columbus*, mar Aimiréal, mar Leasrí agus mar Ghobharnóir againn sna hOiléain agus san Ilchríoch a fhionnann agus a chloíonn tú..........agus sa todhchaí go mbeidh cead ag do chlann mhac agus ag do chomharbaí a bheith ina dTiarnaí, ina nAimiréil, ina Leasrithe agus ina nGobharnóirí orthu; agus beidh sé de shaoirse agat cúiseanna sibhialta agus coiriúla a chinneadh de réir mar is dóigh leat a bheith cóir de réir ceartais agus beidh sé de chumhacht agat pionós a ghearradh ar chiontóirí.

**FOINSE E**




Filleann Christopher Columbus ar Chúirt na Spáinne 1493.
**www.napoleon-series.org**

**A. Foinse D**

(i) Cén t-ordú a fuair Columbus? (2)

(ii) Cén luach saothair a bhronn Rí agus Banríon na Spáinne ar Cholumbus? (2)

(iii) Cén fáth a raibh rialtóirí mar Ferdinando agus Isabella na Spáinne sásta urraíocht a dhéanamh ar thurais taiscéalaíochta mar seo? (2)

(iv) Luaigh **dhá** chontúirt a raibh ar mhairnéalaigh aghaidh a thabhairt orthu ar thurais mar seo. (2)

(v) Ainmnigh **dhá** ghléas a chabhraigh le mairnéalaigh chun loingseoireacht a dhéanamh agus iad ar muir le linn ré na taiscéalaíochta. (2)

**B. Foinse E**

(i) Thug Columbus ar ais chun na Spáinne leis roinnt d'áitritheoirí na críche a d'aimsigh sé (marcáilte mar **X**). Cén fáth ar thug Columbus *Indiaigh* ar na fir seo? (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** tháirge nua a thug taiscéalaithe nó trádálaithe ón Domhan Nua chuig an Eoraip. (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** thionchar a bhí ag turais taiscéalaíochta ar phobail dhúchasacha an Domhain Nua. (4)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas:

(i) An méid a bhain turais taiscéalaíochta na Portaingéile amach.

(ii) Na coimhlintí idir chumhachtaí Eorpacha mar thoradh ar na turais taiscéalaíochta.

(iii) Concas na Spáinne ar Mheicsiceo **nó** ar Pheiriú (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) AN ATHBHEOCHAN

(i) Cén fáth a raibh tábhacht chomh mór sin ag baint le pátrúin le linn na hAthbheochana? (2)

(ii) Ainmnigh **beirt** phátrún thábhachtacha ar na healaíona san Iodáil le linn na hAthbheochana? (2)

(iii) Luaigh **trí** athrú a tharla sa phéinteáil le linn na hAthbheochana. (2x3)

(iv) Scríobh cuntas ar na príomhfhorbairtí in **dhá** cheann de na hearnálacha seo a leanas le linn na na hAthbheochana:
(a) Ailtireacht.
(b) Eolaíocht agus cúrsaí leighis.
(c) Dealbhóireacht.
(d) Péintéireacht. (10x2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Sainaithin **dhá** bhealach inar athraigh an leictreachas an saol in Éirinn. (2x2)

(ii) Luaigh **trí** fhorbairt in aeriompar ó na 1930idí. (2x3)

(iii) Scríobh mar gheall ar athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1945:
(a) Cumarsáid.
(b) Oideachas.
(c) Tithíocht.
(d) Cúrsaí creidimh. (10x2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Luaigh **dhá** ghníomh a rinne Aontachtaithe chun cosc a chur le tabhairt isteach an Rialtais Dúchais d'Éirinn le linn na tréimhse 1912-1914 (2 x 2)

(ii) Meaitseáil gach duine de na pearsana seo a leanas (1)-(6), leis an imeacht nó eagraíocht (a)-(f) a fhreagraíonn dó. Ní gá an téacs ar fad a athscríobh sa bhfreagarleabhar. Is leor an uimhir agus an litir cheart a bhreacadh síos. **Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar.**

| DUINE | IMEACHT/ EAGRAÍOCHT |
|---|---|
| **1.** Dubhghlas de hÍde | A. Clann na Poblachta |
| **2.** Liam T. Mac Coscgair | B. Bunaitheoir Sinn Féin |
| **3.** Séan MacBride | C. Stailc agus frithdhúnadh 1913 |
| **4.** Artúr Ó Gríofa | D. Na Léinte Gorma |
| **5.** James Larkin | E. Uachtarán na hÉireann |
| **6.** Eoin O'Duffy | F. Cumann na nGaedheal |

(1x6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:
(a) Éirí Amach na Cásca, 1916.
(b) An Conradh Angla-Éireannach 1921.
(c) An Cogadh Eacnamaíoch, 1932-38.
(d) Gluaiseacht na gCeart Sibhialta i dTuaisceart Éireann. (10x2)

## (D) CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair **dhá** chúis gur tháinig fás ar thacaíocht pháirtí faisisteach Mussolini san Iodáil tar éis 1919. (2x2)

(ii) I do fhreagarleabhar, cuir isteach na focail atá ar iarraidh sna habairtí seo a leanas (1)-(6). Ba chóir duit na huimhreacha cearta a chur leis na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh. **Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar.**

**(1)** Cheap an tUachtarán ……………………… Hitler mar Sheansailéir (Príomh-Aire) na Gearmáine.

**(2)** Rith Hitler an Dlí ……………….., a cheadaigh dó rialú trí fhoraithne.

**(3)** Bunaíodh na póilíní rúnda, an ………………………… chun freasúra a chur faoi chois.

**(4)** Mharaigh an SS Ernst Rohm agus daoine eile a bhí ag cur ina gcoinne go polaitiúil, oíche

………………………..

**(5)** Baineadh feidhm as bolscaireacht, a bhí á stiúradh ag Josef……………………chun tuairimí na Naitsíthe a chur chun cinn.

**(6)** Bhí ar bhuachaillí ag aois 14 dul isteach in Ógra Hitler agus bhí ar chailíní den aois chéanna dul isteach i Léig…………………………….. (1x6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Briseadh na Fraince, 1940.
(b) Cath na Breataine.
(c) An tUileloscadh.
(d) Oibríocht *Overlord*. (10x2)